Brexit

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi impleachtaí *Brexit* ar an Ríocht Aontaithe agus ar Éirinn. Sula bhféachfaidh tú ar an mír, cuir féin agus an duine in aice leat Gaeilge ar na teidil seo a leanas:

- *The First Minister of Northern Ireland*
- *The Prime Minister of the United Kingdom*
- *The European Union*

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus na frásaí seo? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *a report that was leaked*
- *in her address (sa chiall 'speech')*
- *good examples of business and economics*
- *according to*
- *with regard to*
- *memorandum*
- *significant delay*
- *specifically*
- *spokesperson*
- *acknowledgement*
- *principal subject/matter*

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís. Cén fáth ar luadh na daoine seo?

- Arlene Foster
- Enda Kenny
- Boris Johnson
- Urlabhraí ó Shráid Downing

Ceist 4 Éist leis an mír arís, agus breac síos na samplaí a chloiseann tú inti den bhriathar saor. Cén aimsir lena mbaineann gach sampla?

An Briathar Saor	**An Aimsir**

Ceist 5 '…moill s**h**untasach…'

1. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht 'suntasach' thuas?
2. Cuir an fhoirm cheart den aidiacht tar éis na n-ainmfhocal seo a leanas:

- bean (beag) _____
- fear (mór) _____
- leabhar (suimiúil) _____
- scannán (leadránach) _____
- cúis (maith) _____
- bosca (cuí) _____
- sráid (fada) _____
- obair (díograiseach) _____
- bialann (Seapánach) _____
- duine (cneasta) _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. Cad iad na himpleachtaí a bheidh ag *Brexit* ar Thuaisceart Éireann, dar leat?
2. Cad iad na himpleachtaí a bheidh ag *Brexit* ar Phoblacht na hÉireann, dar leat?
3. Cad iad na cúiseanna ar vótáladh ar son *Brexit*, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinnfear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

The First Minister of Northern Ireland – Céad-Aire an Tuaiscirt
The Prime Minister of the United Kingdom – Príomh-Aire na Ríochta Aontaithe (na Breataine)
The European Union – an tAontas Eorpach

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

a report that was leaked – tuairisc a sceitheadh
in her address – ina haitheasc
good examples of business and economics – dea-shamplaí gnó agus eacnamaíochta
according to – de réir
with regard to – i dtaca le
memorandum – meamram
significant delay – moill shuntasach
specifically – go sonrach
spokesperson – urlabhraí
acknowledgement – aitheantas
principal subject/matter – príomhábhar

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4

An Briathar Saor	**An Aimsir**
sceitheadh (x 2)	an aimsir chaite
a thugtar	an aimsir láithreach
a léireofaí	an modh coinníollach
deirtear (x 2)	an aimsir láithreach
luaitear	an aimsir láithreach

Ceist 5
1. Séimhítear aidiachtaí a leanann ainmfhocail bhaininscneacha san uimhir uatha.
2. bean (beag) *bean bheag*
   fear (mór) *fear mór*
   leabhar (suimiúil) *leabhar suimiúil*
   scannán (leadránach) *scannán leadránach*
   cúis (maith) *cúis mhaith*
   bosca (cuí) *bosca cuí*
   sráid (fada) *sráid fhada*
   obair (díograiseach) *obair dhíograiseach*
   bialann (Seapánach) *bialann Sheapánach*
   duine (cneasta) *duine cneasta*

Ceist 6
Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Séamus Ó Scanláin

Fáilte ar ais. Tá Céad-Aire an Tuaiscirt, Arlene Foster, i mBaile Átha Cliath tráthnóna, chun na himpleachtaí atá le himeacht na Breataine as an Aontas Eorpach a phlé leis an Taoiseach, Enda Kenny. Léirigh tuairisc a sceitheadh leis na meáin sa mBreatain[1] nach bhfuil aon phlean socraithe fós ag an rialtas ansin do *Brexit*, mar a thugtar air.

Ba ag Féasta Mhéara Londan sa *Guild Hall* a bhí Príomh-Aire na Breataine aréir. Ina haitheasc, dúirt Theresa May go raibh neart dea-shamplaí gnó agus eacnamaíochta ag an Ríocht Aontaithe, a léireofaí nuair a d'fhágfadh sí an tAontas Eorpach, mar atá beartaithe. Ach de réir tuairisce i nuachtán thall ansin, níl aon phlean go fóill ag rialtas na Breataine i dtaca leis an mBreatimeacht nó *Brexit*. Meamram rialtais a sceitheadh ag an *Times* agus craoltóirí an BBC, foinse an scéil. Deirtear ann freisin go bhfuil scoilt i measc na nAirí, rud a d'fhéadfadh moill shuntasach a chur ar fhuascailt airteagal 50 de Chonradh Liospóin. Luaitear go sonrach leithéidí Boris Johnson agus David Davis ar thaobh amháin, Philip Hammond agus Greg Clark ar an taobh eile.

Deirtear freisin nach bhfuil dóthain Státseirbhíseach ag an mBreatain faoi láthair chun *Brexit* a chur i bhfeidhm go dtapa. Dúirt urlabhraí ó Shráid Downing inniu nach bhfuil an rialtas ansin ag tabhairt aon aitheantas don tuairisc sceite seo. Anseo in Éirinn, tá Céad-Aire an Tuaiscirt, Arlene Foster, i mBaile Átha Cliath tráthnóna agus cruinniú aici leis an Taoiseach, Enda Kenny. *Brexit* arís an príomhábhar cainte i dTithe an Rialtais agus cén margadh is fearr a fháil dá réir do dhá thaobh na teorann. Ar ndóigh, beidh Enda Kenny agus Arlene Foster i láthair Dé hAoine in Ard Mhacha don chruinniú Aireachta Thuaidh/Theas[2].

[1] Córas Chonnacht
[2] *An Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas* an teideal Oifigiúil